Tuarascáil ar Nochtuithe Cosanta 2015

Tuarascáil Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Dearadh an polasaí a thug Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (CCS) isteach faoi théarmaí an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 chun éascú agus spreagadh le hoibrithe fíor-imní inmheánach a chur in iúl faoi éagóir a d'fhéadfadh a bheith i gceist san áit oibre, ionas go féidir fiosrúchán a dhéanamh ar na hábhair imní seo, ag luí le prionsabail an cheartas aiceanta, agus tugtha faoi i mbealach cuí le cúinsí an cháis.

Éilíonn Cuid 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil maidir leis an mbliain roimhe sin a ullmhú agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh gach bliain, i bhfoirm gan ainm.

De bhun an riachtanas seo, deimhníonn an CCS gur i 2015

- Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta inmheánach (ó fhoireann an CCS).
- Fuarthas nochtadh cosanta amháin (leagtha amach sa tábla thíos) ó dhuine aonar lasmuigh den CCS maidir le ceisteanna faoi chosaint sonraí in aonaín eile. Ardaíodh an cás seo leis an CCS ina ról mar 'dhuine forordaithe' mar atá foráilte faoi Chuid 7 den Acht um Nochtadh Cosanta (liostaithe in I.R. 339/2014 arna leasú le I.R. 448/2015).

Uimhir Thagartha	Cineál	Dáta faighte	Stádas	Toradh
1/19/5/1	Cuid 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe')	28 Aibreán 2015	Dúnta	Diúltaithe – níor bhain an cheist le cosaint sonraí